# <u>Gníomhaíocht Daltaí:</u> Ag iniúchadh mar a léirítear codáin ar Stiall Chodáin atá 1 aonad ar fad

**Déan in éineacht leis an gcomhad idirghníomhach, 'Stiall Chodáin 1 Aonad', ar CD an Dalta.**




1. Má sheasann stiall amháin do 1 aonad amháin, léirigh na codáin seo a leanas ar na stiallacha codáin thíos:

   a. $\frac{1}{2}$

   1

   b. $\frac{1}{3}$

   1

   c. $\frac{5}{6}$

   1

   d. $\frac{1}{8}$

   1

   e. $\frac{5}{8}$

   1

2.

   a. Tarraing line a léiríonn timpeall $\frac{3}{8}$ den bharra seacláide sin thall.

   

   b. Cé acu ab fhearr ó thaobh seacláide de, $\frac{7}{12}$ den bharra seacláide nó $\frac{2}{3}$ den bharra seacláide? Mínigh do fhreagra.

   ________________________________________________________________

   ________________________________________________________________

3. An bhfaighinn níos mó cáca dá ngeallfaí $\frac{4}{5}$ de cháca dom seachas dá ngeallfaí $\frac{5}{6}$ dom den cháca céanna? Mínigh do fhreagra.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

4. Seasann an léaráid thíos do $\frac{3}{4}$ de ghairdín.



Athraigh an léaráid leis an ngairdín iomlán a léiriú.

5. Má sheasann an stiall seo do cháca agus má ithimse $\frac{2}{7}$ den cháca, léirigh an chuid atá fágtha ar an léaráid seo.



6.

a. Tomhais cén codán den stiall seo atá scáthaithe.



b. Tomhais cén codán den stiall seo **<u>nach bhfuil</u>** scáthaithe.



7. Léirigh airde an uisce san eascra (go garbh) nuair atá an t-eascra $\frac{5}{6}$ (cúig shéú) lán.



______________________________________________________________________

8. Léirigh airde an uisce san eascra (go garbh) nuair atá an t-eascra $\frac{3}{5}$ (trí chúigiú) lán.



______________________________________________________________________

9. Tá slí do 150 duine sa cheoláras agus tá 120 duine ann. Cén codán den cheoláras atá in úsáid?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________

10. Maireann cóisir 2 uair an chloig. Má tá 80 nóiméad den chóisir thart, cén codán den chóisir atá fós le dul?

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________